AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.3.2014
COM(2014) 205 final

2011/0398 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i ndáil le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha agus nósanna imeachta a bhunú i ndáil le srianta oibríochta atá bainteach le torann a thabhairt isteach ag aerfoirt an Aontais faoi Chur Chuige Cothrom agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

2011/0398 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i ndáil le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha agus nósanna imeachta a bhunú i ndáil le srianta oibríochta atá bainteach le torann a thabhairt isteach ag aerfoirt an Aontais faoi Chur Chuige Cothrom agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a seoladh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle<br>(doiciméad COM/2011/828 final– 2011/398 COD) | an 1 Nollaig 2011 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | an 28 Márta 2011 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | an 12 Nollaig 2012 |
| An dáta a seoladh an togra leasaithe: | Neamhbhainteach |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | an 24 Márta 2014 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é is cuspóir don togra tacar prionsabal agus treoraíocht an ICAO (an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta) ar a dtugtar an "Cur Chuige Cothrom" maidir le bainistiú torainn a chur i bhfeidhm ar bhonn seasmhach ar fud an AE. Cuirtear an togra in ionad Treoir 2002/30/CE agus aisghairtear an Treoir sin leis, an bunghníomh atá ann faoi láthair lena mbunaítear na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le tabhairt isteach srianta oibríochta atá bainteach le torann, ag aerfoirt an AE.

Déanfaidh na rialacha nua na céimeanna éagsúla den nós imeachta cinnteoireachta a chomhchuibhiú, ó bhailiú fianaise ar bhonn sonraí agus modhanna atá aitheanta go hidirnáisiúnta, trí dhianchomhairliúchán tráthúil leis na geallsealbhóirí uile; go tréimhse fógra fada go leor a thabhairt d'oibreoirí lena mbaineann. Ar deireadh, is le cur chuige láidir a thiocfar ar na réitigh is éifeachtaí ó thaobh costais de chun tionchar an torainn a mhaolú.

Gné eile den togra is ea an sainmhíniú ar "aerárthaí lag-chomhlíontacha", arb iad na haerárthaí is mó torann sa loingeas iad. Is slí an-éifeachtach ó thaobh costais de chun an torann a mhaolú fáil réidh le haerárthaí den sórt sin de réir a chéile; tugann sé faoiseamh do na saoránaigh sa cheantar máguaird, agus an deis fós ann aerthrácht a mhéadú tuilleadh.

## 3. TUAIRIMÍ MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE

Léiríonn an seasamh ón gComhairle an comhaontú polaitiúil ar thángthas air idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an 27 Eanáir 2014. Tacaíonn an Coimisiún leis an gcomhaontú sin. Rinne an Coimisiún aon ráiteas amháin a chuir leis an gcomhaontú.

Baineann príomhleasuithe na Comhairle leis an mbéim mhéadaithe a leagtar ar thábhacht na sláinte, le tabhairt isteach próisis shonraigh idirghabhála chun comhairliúcháin a dhéanamh, leis an gcur ar gcúl a cuireadh le fáil réidh le "haerárthaí lag-chomhlíontacha" de réir a chéile, le foráil níos sonraí maidir le faisnéis torainn a sholáthar, le scriosadh tarmligin chun na sainmhínithe ar aerárthaí agus ar aerárthaí lag-chomhlíontacha a leasú, le saincheisteanna cur chun feidhme, clásal marthanachta san áireamh, le hidirbheart agus le cur siar an teacht i bhfeidhm. Maidir le ceart grinnscrúdaithe an Choimisiúin, le seasamh na Comhairle cuirtear d'oibleagáid ar an Údarás Inniúil an fógra ón gCoimisiúin a scrúdú agus a bhfuil beartaithe aige a chur in iúl don Choimisiún.

Tríd is tríd, tá próiseas láidir ag gabháil le seasamh na Comhairle maidir le measúnuithe torainn. Leis na leasuithe sin is soiléire fós an próiseas chun measúnú a dhéanamh ar thorann agus cinneadh a dhéanamh ina leith agus tá siad go léir, geall leis, ag teacht leis an gcéad togra ón gCoimisiún. Is féidir glacadh leis na leasuithe uile.

## 4. DEARBHUITHE ÓN GCOIMSIÚN

Tá aon ráiteas amháin déanta ag an gCoimisiún chun an comhaontú idir an Chomhairle agus an Pharlaimint a éascú agus é sin ar fáil san Iarscríbhinn.

## 5. CONCLÚID

Tacaíonn an Coimisiún le torthaí na caibidlíochta idirinstitiúidí agus dá bhrí sin is féidir leis glacadh leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh .

# RÁITEAS

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le Treoir 2002/49/CE a leasú**

"Tá Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/49/CE (modhanna ríofa torainn) á plé ag an gCoimisiún leis na Ballstáit d'fhonn í a ghlacadh sna míonna atá romhainn

Ar bhonn na hoibre atá an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte á déanamh faoi láthair maidir leis an modheolaíocht chun na himpleachtaí sláinte a bhaineann le tionchair an torainn a mheas, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2002/49/CE (tionchar an torainn ar an tsláinte a mheas, cuair dáileoige is freagartha) a athbhreithniú."